AN CISTE RIALTAIS ÁITIÚIL

CUNTAS 2016

An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning,
Community and Local Government

An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas 2016

Clár na nÁbhar

Leathanach

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	1-2
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	3-5
Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas	6
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	8
Nótaí leis an gCuntas	9 -17
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	18

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2016
Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht maidir le Córas um Rialú Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú airgeadais inmheánach ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú airgeadais inmheánach a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú:

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- freagrachtaí airgeadais sannta ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais;
- nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach a chinntiú:
- go bhfuil Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach.

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach (ar lean)

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach;
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Roinn:
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Sínithe _____ Dáta 21/7/17

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2016
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999. Déanann an tAire Airgeadais fáltais ó mhótarcháin (lúide aisíocaíochtaí) agus suim arb ionann í leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (lena n-áirítear aon ús arna íoc ina taobh) a íocadh isteach sa Phríomhchiste i rith na bliana de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 a íoc isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Tá an LFG comhdhéanta de dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta arna mbainistiú agus arna rialú ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an LGF a bhainistiú agus déantar na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 34.

Ullmhaíodh na cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i bhfoirm agus ar mhodh atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhraithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Maoinithe

Déantar an LGF a mhaoiniú trí fháltais arna lóisteáil i gcuntas bainc na bhfáltas (Cuntas Uimh. 1) ag údaráis áitiúla, ag an Aire Airgeadais agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Déantar iarmhéid an chuntais bhainc sin a aistriú go huathoibríoch chuig an gcuntas infheistíochta gach lá. Déantar suimeanna iníoctha as an LGF a íoc amach as cuntas bainc na suimeanna iníoctha (Cuntas uimh. 2) Aistrítear na suimeanna chuig cuntas bainc na suimeanna iníoctha ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí a íoc leis na híocaithe ábhartha.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- léiríonn ioncam ó mhótarcháin suimeanna arna mbailiú ag na hÚdaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1998:

- Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT); íocfaidh an tAire Airgeadais suim arb ionann í leis an gcáin mhaoine áitiúil isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear aon ús a íocfar uirthi) arna híoc isteach sa Phríomhchiste i rith na bliana sin;

- aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar bhonn fáltais airgid.

4. Caiteachas

Déantar caiteachas as an gCiste de réir alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht mar a léirítear thíos:

- caiteachas a cheadaigh an tAire;

- leithdháiltí a mheastar a bheidh dlite do na húdaráis áitiúla in 2016;

- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, (an tAcht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre), 2007 agus an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011);

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Grúpscéimeanna Uisce;

- íocaíocht leis an Státchiste (An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015);

- íocaíochtaí le hUisce Éireann agus forchúiteamh iasachtaí caipitil a rinneadh chuig na húdaráis áitiúla i leith seirbhísí uisce (an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014).

An Ciste Rialtais Áitiúil
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

		2016	2015
Ioncam	**Nótaí**	€	€
Ioncam ó Mhótarcháin	1	1,049,954,112	1,121,969,557
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	463,398,000	469,192,000
Maoiniú Státchiste (Vóta 34)	3	396,555,000	241,100,000
Aisíocaíocht LANPAG		-	235,923
Ioncam Iomlán		**1,909,907,112**	**1,832,497,480**
Caiteachas			
Údaráis Áitiúla			
Leithdháiltí ón gCáin Mhaoine Áitiúil	4	453,264,953	458,868,139
Cúiteamh ar chaillteanas ioncaim ó rátaí ar Infreastruchtúr Uisce	5	46,022,371	46,345,050
Cúiteamh maidir le Comhaontú Bhóthar Lansdúin	6	25,380,333	-
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce	7	18,282,474	15,120,073
Seirbhísí Uisce	8	17,600,339	19,555,487
Luacháil Uileghabhálach ar Chúiteamh Fóntas	9	16,650,000	-
Costais Glantacháin Tuilte	10	9,610,695	7,999,418
Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí	11	1,294,794	1,124,160
Clár Comórtha Céad Bliain	12	999,998	-
Bearta um Chuimsiú Sóisialta	13	527,680	515,038
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála	14	332,268	434,049
Maoiniú eile d'Údaráis Áitiúla	15	108,661	358,611
		590,074,566	550,320,025
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt			
Bóithre agus Infreastruchtúr Seirbhíse Poiblí	16	348,743,000	355,543,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí	17	12,500,000	12,500,000
		361,243,000	368,043,000
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil			
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	18	3,835,350	4,058,857
Riaradh an Mhuirir Teaghlaigh	19	88,152	136,972
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	20	5,000	5,000
		3,928,502	4,200,829
Eile			
Fóirdheontas Uisce Éireann	21	652,100,000	399,000,000
Státchiste	22	317,900,000	481,000,000
Coiste na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)	23	197,977	-
Míreanna ilghnéitheacha	24	368,039	484,951
		970,566,016	880,484,951
Caiteachas Iomlán		**1,925,812,084**	**1,803,048,805**
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		**(15,904,972)**	**29,448,675**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus na Nótaí 1 go dtí 27.

Sínithe _____ Dáta 21/7/17

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

An Ciste Rialtais Áitiúil
Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2016

	Notes	2016	2015
		€	€
Sócmhainní Airgeadais			
An Cuntas Infheistíochta		44,959,516	57,948,283
Sócmhainní Reatha			
Banc		3,742,632	3,937,972
Mótarcháin atá dlite	25	5,499,460	6,227,267
Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite	26	16,094,000	15,871,000
		70,295,608	**83,984,522**
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe Éagsúla	27	4,535,046	2,318,988
Glan-Sócmhainní		**65,760,562**	**81,665,534**
Léirithe ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		81,665,534	52,216,859
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(15,904,972)	29,448,675
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		**65,760,562**	**81,665,534**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus na Nótaí 1 go dtí 27.

Sínithe _____ Dáta 21/7/17

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

An Ciste Rialtais Áitiúil
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2016

	2016	2015
	€	€
Réiteach ar bharrachas/ (easnamh) chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(15,904,972)	29,448,675
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe	504,807	(7,418,203)
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	2,216,058	308,251
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(13,184,107)**	**22,338,723**
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(13,184,107)	22,338,723
(Laghdú) / Méadú ar Airgead Tirim	**(13,184,107)**	**22,338,723**
Réiteach ar an nglan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí		
Athruithe ar Ghlanchistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glanchistí ag tús na Bliana	61,886,255	39,547,532
Glanchistí ag deireadh na Bliana	48,702,148	61,886,255
(Laghdú) / Méadú ar Airgead Tirim sa Bhliain	**(13,184,107)**	**22,338,723**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus na Nótaí 1 go dtí 27.

Sínithe _____ **Dáta** 21/7/17

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Nótaí leis an gCuntas

1. Ioncam ó Mhótarcháin

Léiríonn an figiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh Údaráis Mhótarchánach agus lamháltas déanta acu d'aisíocaíochtaí

	2016	2015
	€	€
Ollioncam	1,051,374,831	1,123,980,677
Lúide aisíocaíochtaí	(1,420,719)	(2,011,120)
Glanioncam	**1,049,954,112**	**1,121,969,557**

2. Cáin Mhaoine Áitiúil

Léiríonn an figiúr seo fáltas a íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil ón Státchiste, arb ionann é le méid na Cánach Maoine Áitiúla (lena n-áirítear aon ús arna íoc uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste i rith 2016 de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

3. Maoiniú Státchiste (Vóta 34)

Léiríonn an figiúr seo an t-airgead a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag Alt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Cinneann an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tsuim gach bliain, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

4. Leithdháiltí ón gCáin Mhaoine Áitiúil

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir Chinneadh an Rialtais an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) a choinneáil go háitiúil. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta LPT 2016 agus cuireadh san áireamh freisin na cinntí a rinne 11 chomhairle na rátaí LPT ina gceantair féin faoi seach a laghdú. Tá na léithdháilte LPT chuig údaráis áitiúla aonair do 2016 foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

5. Cúiteamh i leith caillteanas ioncaim ó rátaí ar Infreastruchtúr Uisce

Luaitear in Alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 nach bhfuil maoin seirbhísí uisce poiblí inrátaithe chun críocha an Achta Luachála 2001. Cuireadh maoiniú €46.02m ar fáil in 2016 (€46.35m in 2015) mar chúiteamh do na húdaráis áitiúla as an easnamh faoi seach ina mbuiséid mar gheall ar an bhforáil sin sa reachtaíocht.

6. Cúiteamh maidir le Comhaontú Bhóthar Lansdúin

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla lena chinntiú nár fhulaing siad aon chaillteanas airgeadais de bharr Chomhaontú Bhóthar Lansdúin a chur i bhfeidhm in 2016. Ba é aidhm fhoriomlán an chúitimh ná an t-ualach a bhain leis an laghdú ar ioncam ó Asbhaint a Bhaineann le Pinsean laghdaithe (PRD) agus costais Pá agus Pinsin méadaithe in 2016 a d'eascair as feidhmiú an Chomhaontaithe a mhaolú.

7. Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce

Chinn an Rialtas i mí Bealtaine 2014 nach n-aistreofaí iasachtaí a bhain le huisce a bhí i seilbh na n-údarás áitiúil chuig Uisce Éireann. Bhí an tsuim a forchúitíodh i ndáil leis na hiasachtaí seo chuig údaráis áitiúla in 2016 €18.28m (€15.12m in 2015) bunaithe ar thuairisceáin a fuarthas ó gach údarás áitiúil inar léiríodh gach iasacht caipitil a bhain le huisce tráchtála (i.e. gan iasachtaí HFA san áireamh), agus an íocaíocht príomhshuime agus úis a bhaineann leis sa bhliain.

8. Seirbhísí Uisce

Léiríonn an figiúr seo forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla le grúpscéimeanna uisce don scéim fóirdheontais i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil d'íoc na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe dhéabhlóidithe. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce in 2016 agus €17.6m (€19.6m in 2015).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

9. Luacháil Uileghabhálach ar Chúiteamh Fóntas

Déantar foráil faoi Alt 53 den Acht Luachála 2001, arna leasú, do luacháil uileghabhálach na ngnóthas fóntais, arna dhéanamh ag an Oifig Luachála gach cúig bliana agus iontráladh ar an lárliosta luachála iad. Is é an Coimisinéir Luachála atá freagrach as cúrsaí luachála.

In 2015, thug an Oifig Luachála faoi luacháil uileghabhálach a dhéanamh ar Líonraí Gáis Éireann, ar Iarnród Éireann agus ar na cuideachtaí teileachumarsáide BT Ireland, Eircom, Vodafone, Three Ireland agus Meteor. Is in 2010 a rinneadh luacháil ar na fóntais sin roimhe sin. Léiríonn na Deimhnithe maidir le Luacháil Uileghabhálach laghdú €112 ar chomhluachanna na bhfóntas sin. Bhí tionchar aige sin ar na rátaí a bhí le híoc ag fóntais in 2016 agus ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, chuir an laghdú ar luacháil uileghabhálach ESB, tar éis achomhairc chuig an mBinse Luachála, laghdú ar na rátaí a bhí le híoc ag ESB ó 2016.

Aontaíodh coigeartú aon uaire €16.65m a thabhairt mar thacaíocht ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2016 chuig údaráis áitiúla a raibh tionchar ag an luacháil uileghabhálach orthu. Cuireadh an leithdháileadh breise seo ar fáil ar bhonn eisceachtúil agus aon uaire, ar mhaithe le tréimhse buiséid 2016.

10. Costais Glantacháin Tuilte

Mar gheall ar thuilte móra ag deireadh 2015 a lean ar aghaidh go dtí tús 2016, chuir an Rialtas maoiniú ar fáil i leith na gcostas deisiúcháin / glantacháin mar gheall ar an tréimhse fhada tuilte a bhí i gceist. Cuireadh €10m ar fáil in 2016 agus caitheadh €9.61m de ar chostais ghlantacháin a tabhaíodh in 2016 (As an €8m a cuireadh ar fáil in 2015, caitheadh €7.99m).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

11. Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí

Bhí foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 le haghaidh an bhoinn reachtúil a thug éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Phoiblí agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna), agus lenar leagadh amach na meicníochtaí faoina spreagtar agus faoina dtacaítear le saoránaigh agus le pobail a bheith rannpháirteach i bpróisis cinnteoireachta an údaráis áitiúil.

Tá PPNanna bunaithe anois i ngach limistéar údarás áitiúil. I gcás ina gcuirtear ionadaíocht phobail ar fáil ar choistí iomchuí den údarás áitiúil, amhail na Coistí Beartais Straitéisigh, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, etc., ní mór é sin a fháil tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

In 2016, cuireadh maoiniú suas le €1.3m ar fáil do PPNanna. Chuir an Roinn maoiniú suas le €50,000 ar fáil do gach PPN, ar an gcoinníoll go gcuirfeadh an t-údarás áitiúil €30,000 eile leis an maoiniú sin. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil chun cuidiú le húdaráis áitiúla na struchtúir nua sin a chur i bhfeidhm go hiomlán agus chun oibrí acmhainní a fhostú i ngach limistéar údarás áitiúil chun tacú le rúnaíocht PPN agus chun gníomhaíochtaí, oiliúint etc, a chur ar fáil.

12. Clár Comórtha Céad Bliain

Mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain an Stáit 2016, iarradh ar na 31 Údarás Áitiúil ar fad sraith rannpháirtíochta pobail an chláir a chomhordú. Spreag sé sin rannpháirtíocht an phobail ar fud na tíre agus chinntigh rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí pobail agus na n-earnálacha pobail agus deonacha. Fuair gach údarás áitiúil €32,258 chun cabhrú leis an gClár seo.

13. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais a thabhaigh agus a d'éiligh údaráis áitiúla maidir le haonaid chuimsithe shóisialta a sholáthar agus do bhearta um chuimsiú sóisialta sna húdaráis áitiúla. Tá mar aidhm leis na haonaid a chinntiú go mbeidh daoine atá imeallaithe agus daoine bochta níos rannpháirtí sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar a saol agus, ina theannta sin, cuimsiú sóisialta agus comhtháthú níos fearr a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste agus i mbaol míbhuntáiste go háirithe.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

14. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála

Léiríonn an caiteachas sin:

(a) An costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla bheith ar iasacht leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí a bhfuil tús áite faighte acu. Is bealach lárnach atá éifeachtúil ó thaobh costais í an tsamhail chomhoibrithe sin chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí san earnáil údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur i bhfeidhm. Feictear gur rud riachtanach agus iomchuí é an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh lucht pearsanra sheirbhís dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tograí móra tábhachtacha.

(b) Cuireadh bogearraí Alfresco i bhfeidhm sna húdaráis dóiteáin chun bainistiú doiciméad a éascú sa tionscadal um Bainistiú Móréigeandálaí agus CAMP (Tionscadal Móibliú Ríomhchuidithe)/CTrí.

15. Maoiniú eile d'Údaráis Áitiúla

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha a íoc mar seo a leanas:

	2016	2015
	€	€
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	52,319	43,350
Costais Teorann an Rialtais Áitiúil[1]	31,342	70,710
Tionscadal Píolótach CCTV Phobal an Dúin Mhóir	25,000	50,000
Coiste na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)[2]	-	194,551
Iomlán	**108,661**	**358,611**

[1] Cuireadh maoiniú ar fáil freisin don Fhoras Riaracháin faoin teideal seo in 2016, féach Nóta 24.

[2] Rinneadh é seo a mhaoiniú trí Údarás Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre in 2016, féach Nóta 23.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

16. Bóithre agus Infreastruchtúr Seirbhíse Poiblí

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a íoc a bhain le clár oibreacha i leith bóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiúnta air roimhe seo) agus bonneagar iompair phoiblí. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007 agus leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011.

17. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(2A)(c) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

18. Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Léiríonn sé seo an caiteachas a tabhaíodh i ndáil le costas a bhaineann leis an gclár oibre éifeachtúlachta agus athchóirithe sa rialtas áitiúil. Tacaíonn sé le tionscadail ina spreagtar an nuálaíocht, ina gcuirtear chun cinn éifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú agus i seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil agus ina spreagtar seachadadh seirbhíse poiblí comhroinnte ar leibhéal áitiúil. Déantar iad sin a sheachadadh trí Oifig Bainistíochta Tionscadal na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

19. Riaradh an Mhuirir Teaghlaigh

Is í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a bhainistíonn Ionad Tacaíochta an Mhuirir Teaghlaigh. Tá ceangal dlí ar an Ionad leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil i ndáil leis an Muirear Teaghlaigh thar ceann na n-údarás áitiúil. Costais foirne, costais TF, costais bhaincéireachta agus forchostais riaracháin den chuid is mó ab ea na costais iomlána maidir le riarachán an Mhuirir Teaghlaigh a thabhaigh an Ghníomhaireacht in 2016.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

20. Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Léiríonn sé seo íocaíocht a rinneadh leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le maoiniú le haghaidh 'Ghréasán na nOifigeach Rochtana' tiomanta a dhéanann monatóireacht ar obair na n-údarás áitiúil agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

21. Fóirdheontas Uisce Éireann

Léiríonn an caiteachas seo fóirdheontas i leith chostais leanúnacha Uisce Éireann a bhain le feidhmiú fóntas nua chun spriocanna Phlean Gnó Uisce Éireann 2014-2021 a bhaint amach. Tá an caiteachas comhdhéanta den fhóirdheontas €479m 2016 a aontaíodh; móide suim bhreise mar thoradh ar Chinneadh Rialtais an 18 Deireadh Fómhair maidir le hioncam athsholáthair nuair a cuireadh na muirir uisce baile ar fionraí. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fháltais airgid Uisce Éireann i Ráithe 4 2016 b'ionann an t-ioncam athsholáthair a éilíodh mar fhóirdheontas agus €173.1m. Bhí sé seo comhdhéanta d'fhóirdheontas breise €123m chun na muirir uisce a cuireadh ar fionraí a íoc agus €50.1m i ndáil leis an iasacht caiptitil oibre a bhí beartaithe a athrú go fóirdheontas.

22. Státchiste

De réir Alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú le hAlt 52 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, íocadh suim €317.9m leis an Státchiste ar iarratas ón Aire Airgeadais. Aisíocaíodh an íocaíocht leis an Státchiste chun athruithe ar an tsamhail mhaoinithe a thabhairt san áireamh mar thoradh ar thabhairt isteach an LPT agus chun a chinntiú go bhfuil ranníocaíocht chuí á déanamh leis an Státchiste ó fháltais mhótarchánach.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

23. Coiste na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)

Cuireadh maoiniú €0.19m ar fáil in 2016 chun freastal ar thoscaireacht na hÉireann ar Choiste na Réigiún (CoR). Bunaíodh na struchtúr tionóil trí réigiún faoi athchóirithe rialtais áitiúil a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016 agus bunaíodh an tAonad Gnóthaí AE atá lonnaithe i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus na Lár Tíre a riarann an maoiniú do thoscaireacht na hÉireann anois. Tá oifigí agus foireann ag an Aonad Gnóthaí AE i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus tacaíonn sé le toscaireacht na hÉireann le leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh ar an CoR. Is tionól AE an CoR a bunaíodh faoi chonradh agus a bhfuil feidhmeanna faoi leith aige laistigh de struchtúir reachtacha níos forleithne an AE, agus tá sé comhdhéanta de thoscairí as 28 ballstát an AE. Déanann sé ionadaíocht ar an rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas an AE maidir le cinntí a dhéanamh. Roimhe seo ba í Comhairle Contae Fhine Gall a chuir maoiniú ar fáil chun costais thoscaireacht na hÉireann a íoc (2015 €0.19m).

24. Míreanna ilghnéitheacha

Cuirtear maoiniú ar fáil freisin chun cabhrú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas a íoc:

	2016	2015
	€	€
Seirbhísí Dóiteáin	148,168	150,616
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	83,847	116,865
Costais Teorann an Rialtais Áitiúil[1]	71,024	-
Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla	65,000	72,000
Riaradh an Mhuirir Teaghlaigh	-	116,531
Comhairle um Sheirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil	-	28,939
Iomlán	**368,039**	**484,951**

[1] Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do na húdaráis áitiúla faoin teideal seo, féach ar Nóta 15.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

25. Mótarcháin atá dlite

Léiríonn sé seo glandhliteanas na nÚdarás Mótarchánach chuig an gciste maidir le Mótarcháin amhail an 31 Nollaig 2016. Tá sé comhdhéanta de:

	2016	2015
	€	€
Mótarcháin atá dlite ag deireadh na bliana	2,571,983	3,262,435
Airgead mótarchánach faoi bhealach sa gcóras baincéireachta ag deireadh na bliana	2,927,477	2,964,832
Iomlán	**5,499,460**	**6,227,267**

26. Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite

Gach bliain airgeadais, íocfaidh an tAire Airgeadais isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (LGF) méid a bheidh comhionann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT) (lena n-áireofar ús ar bith a íocfar uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomhchiste an bhliain sin. Léiríonn an figiúr sin méid atá comhionann leis an méid LPT a bhí fós le híoc leis an LGF ón bPríomhchiste amhail an 31 Nollaig 2016.

27. Creidiúnaithe Éagsúla

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2016	2015
	€	€
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce	1,892,074	-
Seirbhísí Uisce	1,836,863	-
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	498,222	-
Coiste na Réigiún	197,978	44,550
Nuálaíocht Rialtais Áitiúil	50,073	9,950
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	32,130	-
Íocaíocht dlite do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le 2016	27,706	28,164
Costais Glantacháin Tuilte	-	2,236,324
Iomlán	**4,535,046**	**2,318,988**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Rialtais Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Is éard atá sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an ráiteas ar ioncam agus caiteachas, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn na ráitis a ullmhú san fhormáid atá sonraithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil de réir Alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998.

Freagrachtaí na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú san fhormáid atá sonraithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus cloím le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

Le linn iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar:

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadas.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim ar na ráitis airgeadais
Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar iarmhéid an Chiste amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar na hidirbhearta do 2016.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Roinne leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht
Tuairiscím trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- nach léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Roinn na ceanglais maidir le ráitis den sórt sin a leagtar amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam air maidir leis na nithe sin ina ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Iúil 2017